



An Clár

Luathléitheoireachta

Gníomhaíochtaí Tacaíochta



An Clár Luathléitheoireachta

Clár

Réamhrá

Intreoir

- Cuir síos ar thréithe Bhandra 1 – Banda Bánearg
- Clár na Spriocfhocal/Cur síos ar na leabhair x 60
- Tábla na nGnéithe Léitheoireachta
- Cuntas na bhFocal Athráite
- Measúnú – Leathanach don Taifead Reatha
- Measúnú ar Spriocfhocail 1(a)
- Measúnú ar Spriocfhocail 1(b)
- Measúnú ar Spriocfhocail 1(c)
- Cur síos ar áiseanna tacaíochta
- Gníomhaíochtaí 1a, 1b, 1c cláraithe

Gníomhaíochtaí Tacaíochta; 1(a)

Spriocfhocal (x 10) mar fhocal bolgánach (le péinteáil/marla)

Gníomhaíochtaí Tacaíochta; 1(b)

Spriocfhocal (x 10) le poncanna – le rianú ag an pháiste

Gníomhaíochtaí Tacaíochta; 1(c)

Spriocfhocal (x 10) le cóipeáil ag an pháiste

An Clár Luathléitheoireachta

Réamhrá le CCEA

Is toradh ar chomhfhiontar an acmhainn seo idir trí sholáthraí acmhainní don earnáil Ghaelscolaíochta thuaidh agus theas, mar atá an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin & Measúnaithe (CCEA), Béal Feirste, an tÁisaonad, lonnaithe i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste agus an Chomhairle um Oideachas Gaelscolaíochta & Gaeltachta (COGG), Baile Átha Cliath. Is acmhainn ar leith í a thacaíonn leis an Chlár Luathléitheoireachta a d'fhorbair an tÁisaonad agus atá anois á soláthar ag CCEA mar chuid dá clár tacaíochta féin don earnáil ó thuaidh. Tá an acmhainn á soláthar ag COGG don earnáil ó dheas.

Tacaíonn na gníomhaíochtaí san acmhainn seo leis an chéad 60 leabhar ar an chlár, is é sin Banda 1a, 1b agus 1c agus tá sí leagtha amach dá réir sin. Is é Grúpa Luathléitheoireachta an Áisaonaid a scríobh na gníomhaíochtaí bunaithe ar thaithí i ranganna 1 & 2. Tá ar a laghad 2 ghníomhaíocht do gach leabhar atá struchtúrtha agus céimnithe. Tá cuid de na gníomhaíochtaí le déanamh faoi stiúir an mhúinteora agus cuid eile is féidir a dhéanamh go neamhspleách nó i ngrúpaí. Is mar sheisiún iomlánach ba chóir iad a dhéanamh. I ngach gníomhaíocht tá treoir don mhúinteoir. Is féidir sin a úsáid go díreach mar threoir don pháiste fosta nó a athrá agus a mhíniú ar bhealach a dtuigfidh an páiste. Tá gach rud ag brath ar chumas an fhoghlaimeora agus cé acu atá tacaíocht sa bhreis de dhíth nó nach bhfuil. Is féidir nach mbeidh aon tacaíocht sa bhreis de dhíth ar chuid de na páistí nó nach mbeidh na gníomhaíochtaí seo uilig de dhíth ach oiread. Beidh páistí eile ann, áfach, a mbeidh an tacaíocht sa bhreis sin de dhíth orthu. Beidh sin ag brath ar bhreithiúnas proifisiúnta an mhúinteora. Daingníonn na gníomhaíochtaí na focail, na struchtúir agus na fuaimeanna atá sna leabhair léitheoireachta féin. Tá sé an-tábhachtach, mar sin, go ndéantar na gníomhaíochtaí i gcomhar leis na leabhair sula ndéantar iad leis na páistí. Níor chóir iad a dhéanamh gan na leabhair a bheith léite acu roimh ré. I gcuid de na gníomhaíochtaí is féidir leis an mhúinteoir an páiste a shíneadh agus moltar sin a dhéanamh nuair is féidir.

Tá gníomhaíochtaí ar leith freisin ag deireadh gach banda leis na spriocfhocail atá sna bandaí a dhaingniú. Éiríonn siad níos dúshlánaí de réir mar a théann an páiste trí na bandaí. I mBanda 1a tá na spriocfhocail le rianú, le péinteáil nó le déanamh le marla. I mBanda 1b tá na spriocfhocail le scríobh trí phoncanna a leanúint. I mBanda 1c tá na spriocfhocail le cóipeáil ag an pháiste.

Sa dóigh gur féidir an acmhainn seo a úsáid ar bhonn uile-oileánda, rinneadh iarracht mórcheisteanna canúna a laghdú oiread agus is féidir. Aontaíodh ar an fhoclóir atá sna leabhair roimh ré idir COGG agus an tÁisaonad agus lean CCEA de sin. Tá dhá leabhar curtha in oiriúint do 'Ghaeilge an deiscirt' in abairtí a bhfuil urú nó séimhiú le cur le roinnt ainmfhocal i ndiaidh réamhfhocail agus ailt (féach 1c). Áit ar bith a dtarlaíonn sin san acmhainn seo, tá 'leagan comhroghnach' le feiceáil ag barr an leathanaigh idir lúbíní. Mar shampla, más 'Tá hata ar an bhó' atá sa bhunghníomhaíocht beidh 'Tá hata ar an mbó' ar an leagan comhroghnach.

Tá réimse de scileanna léitheoireachta sna gníomhaíochtaí seo agus rinneadh iarracht sin a dhéanamh chomh leathan agus ab fhéidir. Mar shampla, Forbairt Teanga, Aithint Focal, Feasacht Fhóineolaíoch, Coincheapa Cló, Scileanna Smaointeoireachta agus Cumais Phearsanta.

Ar a bharr seo uilig, ba chóir go mbeadh deis ag páistí sult agus spraoi a bhaint as an fhoghlaím. Tá súil againn go gcuirfidh an acmhainn seo roinnt deiseanna den sórt sin ar fáil chomh maith.

Tá an acmhainn seo ar fáil fosta ar shuíomh gréasáin CCEA www.ccea.org.uk nó go díreach ar shuíomh gréasáin Churaclam Thuaisceart Éireann, www.nicurriculum.org.uk mar ar féidir leis an mhúinteoir agus le tuismitheoirí na háiseanna éagsúla a íoslódáil. Tá deis ag tuismitheoirí, mar sin, a bheith páirteach i bhfoghlaim a gcuid páistí fosta agus an acmhainn seo ar fáil ar líne ach sin a dhéanamh i gcomhar leis an mhúinteoir.

An Clár Luathléitheoireachta

Mar sin de, is féidir na gníomhaíochtaí a chóipeáil go díreach ón acmhainn nó ón suíomh gréasáin.

Ba mhaith le CCEA buíochas agus aitheantas a thabhairt do na daoine seo a leanas as an dúthracht a chaith siad le forbairt na hacmhainne seo:

Aoife Ní Phóilín, Gaelscoil na bhFál

Clár O'Loughlin, Bunscoil Naomh Bríd

Deirdre Uí Choisneacháin, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh

Dolores Barnes, Bunscoil Phobal Feirste

Joanne Uí Luachráin, Bunscoil Naomh Proinsias

Máiréad Nic Uait, Scoil na Fuisgeoige

Orla Flanagan, Gaelscoil na bhFál

Risteard Mac Dáibhéid, Gaelscoil na gCrann

Seosaimhín Ní Ghribín, Bunscoil Bheann Mhadagáin

Foireann an Áisaonaid

Arna dhearadh agus arna tháirgeadh ag CCEA.

Tá CCEA fíorbhuíoch den Áisaonad as cead a fháil ábhar na ngníomhaíochtaí a úsáid san acmhainn seo.

Gach ceart ar cosaint. Ní féidir cuid ar bith den acmhainn seo a athfhoilsiú i gcruth ar bith nó ar dhóigh ar bith gan cead a fháil roimh ré ó CCEA agus ón Áisaonad.

An Clár Luathléitheoireachta

Intreoir leis an Áisaonad

Ag Foghlaim na Léitheoireachta

Is ceist mhór í seo, cad é mar a fhoghlaimítear an léitheoireacht? Níl freagra amháin ann ar ndóigh agus is trí scileanna éagsúla i gcomhpháirt ón tús agus ansin daingniú trí chleachtadh thar am an bealach is éifeachtaí. Cuirtear foghlaim na léitheoireachta i gcomparáid le foghlaim na rothaíochta go minic. Smaoinigh ar gach rud a tharlaíonn sa rothaíocht agus codanna éagsúla an choirp a bhíonn páirteach sa phróiseas. Ar an dóigh chéanna, baineann an léitheoireacht le cur chuige iomlán. Le léamh go líofa ní mór scileanna éagsúla a chomhordú go díreach mar atá amhlaidh leis an rothaíocht. Tá an cleachtadh agus an daingniú ríthábhachtach agus le sin a dhéanamh tá réimse leathan leabhar de dhíth don chleachtadh. Rinneadh iarracht sa chlár seo, mar sin, aghaidh a thabhairt ar na straitéisí éagsúla léitheoireachta atá de dhíth ar an túsleitheoir agus go leor ábhar léitheoireachta a sholáthar ansin leis na scileanna ar fad a dhaingniú. Sa bhanda seo, an chéad bhanda sa chlár, tá 60 leabhar ann, idir fhicsean agus neamhfhicsean, a thabharfaidh neart cleachtaidh don luathléitheoir.

Stair an Chláir

Mar chuid d'obair reatha an Áisaonaid cuirtear ceistneoir chuig Gaelscoileanna ar bhonn rialta agus is ón eolas a bhailítear sna ceistneoirí seo, chomh maith le hobair le fócasghrúpaí a bhaineann leis na bliainghrúpaí éagsúla, a shocraítear ar chlár oibre an Áisaonaid. Is é a iarradh ar an Áisaonad mar sin díriú ar thús na léitheoireachta sa Ghaelscolaíocht de réir bliainghrúpa. Seo tosaíocht a shainaithin an earnáil féin.

Ba é an chéad chéim a bhí ann amharc ar an soláthar a bhí ann cheana agus na bearnaí a aimsiú sa ghné seo den léitheoireacht. Aithníodh nach raibh leabhair ann a dhírigh ar thús na léitheoireachta ina raibh athrá ar spriocfhocail áirithe agus spriocfhrásaí áirithe chomh maith le focail fuaime agus focail suime á láimhseáil go comhthreomhar.

Shocraigh an tÁisaonad múinteoirí na Bonnchéime (Bliain 1&2) a thabhairt le chéile le barúlacha a bhailiú agus le moltaí a fháil ar an chur chuige is éifeachtaí leis an sprioc seo a chomhlíonadh. Bhí níos mó ná fiche scoil páirteach sa lá plé seo chomh maith le léachtóirí de chuid Choláiste Ollscoile Naomh Muire, na comhairleoirí ó na Boird Oideachais agus Comhairle na Gaelscolaíochta. Bailíodh eolas an lá sin agus cuireadh ainmneacha chun tosaigh don mheitheal a chuirfeadh tús leis an tionscadal. Chomh maith leis sin cuireadh ceistneoir chuig scoileanna maidir le mórcheisteanna a tháinig aníos sa phlé agus tháinig freagraí agus moltaí ó chóir a bheith gach scoil san earnáil.

Mothaíodh go raibh ganntanas ann maidir le leabhair tharraingteacha a bhain le ficsean agus neamhfhicsean ag leibhéal an-simplí. Bhí rún againn oiread leabhar ag an leibhéal seo a chur ar fáil agus a thiocfadh linn le cleachtadh a thabhairt do na túsleitheoirí. Mhol muid clár gasta ach le rogha leathan a dhéanfadh bliainghrúpa nó dhó, ag bráth ar chumas na bpáistí. Ba mhian linn clár a d'ullmhódh páistí do gach leabhar a chuirfí rompu sna blianta ina dhiaidh sin. Má thugtar scileanna díchódaithe agus scileanna tuisceana in éineacht lena chéile déanfar léitheoirí neamhspleácha de pháistí.

An Clár Luathléitheoireachta

An Clár Luathléitheoireachta

Sraith leabhar do luathbhlianta na Gaelscolaíochta atá ann. Tuigtear go mbeidh dúshraith ag na páistí sa léitheoireacht chomhpháirteach, sa léitheoireacht mhúnlaíthe agus sa léitheoireacht faoi threoir roimh thosú dóibh. Leanfar de sin go comhthreomhar le húsáid na leabhar seo. Ba cheart go mbeadh tuiscint ag na páistí ar struchtúr téacsanna, teanga leabhar agus gurb é cuspóir na léitheoireachta ciall a bhaint as prionta roimh thosú dóibh ar na leabhair seo. Ba cheart fosta fiosracht a chothú i dtaobh focal, a gcuid fuaimeanna agus patrún agus an dóigh a bhfuil focail déanta mar dhúshraith¹.

Is sraith í seo fosta atá dírithe ar pháistí sa chóras tumoideachais agus ba cheart go mbeadh dúshraith mhaith theanga acu roimh thosú ar an léitheoireacht neamhspleách. Tá an tuiscint an-tábhachtach sa léitheoireacht agus ní fiú scileanna nó straitéisí díchódaíthe nó aithint focal a chothú sna páistí mura dtuigeann siad ciall na bhfocal seo. Cuimhnigh, mar sin, go bhfuil sealbhú na Gaeilge ar cheann de na critéir is tábhachtaí a bhaineann le páistí a ullmhú le haghaidh na léitheoireachta.

Rinneadh go leor staidéir ar chur chuige na léitheoireachta go háirithe sa dara teanga mar chuid den tionscadal seo, agus roghnaíodh an cur chuige is fearr, dar linn, leis an sprioc a bhaint amach, is é sin léitheoirí neamhspleácha a chruthú a bheidh ábalta a gcuid scileanna léitheoireachta a úsáid sna hachair foghlama ar fad. Ba mhaith linn grá do léitheoireacht na Gaeilge a chothú sna páistí agus is chuige sin a raibh sé d'aidhm againn leabhair shuimiúla spreagúla a dhéanamh a mbeadh fonn ar pháistí iad a léamh.

An Chéad Bhand – 60 leabhar

Socraíodh, mar threoir, go leanfaí treoracha Book Bands². Sa chéad bhand seo, an Banda Bándearg, tá tréithe ar leith ann agus lean muid na treoracha seo i scríobh na leabhar. Is leabhair an-bhunúsach iad seo a bhfuil líne amháin téacs ann ar gach dara leathanach agus focail athráite sa suíomh céanna i ngach líne. Is téacs é seo atá furasta a thuar agus tá an-tábhacht ag baint leis na pictiúir don tuar seo chomh maith. Tá pictiúir sna leabhair atá ag teacht leis na focail suime sa téacs. Mar sin, is féidir an focal suime a léamh ag úsáid pictiúrleide nó, de réir a chéile, leideanna eile téacs. Ach tá pictiúir eile sna leabhair a shíneann an téacs agus ar féidir iad a úsáid mar ábhar plé agus don daingniú teanga. Ó tharla go bhfuil 60 leabhar san iomlán ann, mheas muid iad a bhriseadh ina dtrí chuid; Banda 1(a), Banda 1(b) agus Banda 1(c) agus an téacs a fhorbairt de réir a chéile. Tá dhá líne téacs i mBanda 1(c) agus tá aird ar struchtúr le séimhiú (urú taobh amuigh de Chúige Uladh) in 1(c) chomh maith.

¹ *Reading, Language and Literacy in the Foundation Stage, Curaclam Thuaisceart Éireann, CCEA*

² *A Handbook to Support Foundation & Key Stage 1 Teachers. S. Baker, S. Bickler, S. Bodman 2007*

An Clár Luathléitheoireachta

Roghnú na Leabhar

Is trí mhionscrúdú a dhéanamh ar shamplaí Béarla den chineál seo leabhar a shocraigh muid nárbh fhiú an chuid is mó de na leabhair seo a dhéanamh ó bhun. Bhí caighdeán an-ard pictiúr agus an-tábhacht leis na pictiúir sna leabhair seo agus mheas muid gurbh fhearr iad a úsáid nuair ab fhéidir é. D'aithin muid go raibh oiread tábhachta leis na pictiúir agus a bhí leis an téacs agus go mbeadh sé deacair a leithéid a dhéanamh ó bhun. Chuaigh muid trí na céadta leabhar agus roghnaigh muid leabhair a bhí ag teacht leis an sprioc a bhí againn maidir le foclóir agus téacs agus chruthaigh muid ár dtéacs féin a bhí ag teacht leis na pictiúir. Ní aistriúcháin iad na leabhair seo, níl ann ach gur úsáid muid na pictiúir agus an leagan amach. Rinne an tÁisaonad socrú le foilsitheoirí éagsúla a bhí roghnaithe againn. Ní i gcónaí go raibh an córas seo éifeachtach agus shocraigh muid ar chuid de na leabhair a bhain le gnéithe áirithe den Ghaeilge a scríobh agus a dhéanamh ó bhun. D'fhostaigh muid grianghrafadóir, thug treoir chuimsitheach dó agus ghlac sé pictiúir do na leabhair áirithe sin.

Na foilsitheoirí a roghnaigh muid:

Sails – Carroll Heinemann (x 30 leabhar)

'The Sails Literacy Series develops analytical thinking skills, decoding and comprehension skills, understanding of fiction and non-fiction, understanding of purpose, structure and genre.'

Thaitin leagan amach na scéime seo linn agus lean muid an sampla seo lenár gclár féin. Tá uimhir an leabhair agus an spriocfhocal léirithe ar chlúdach cúil na leabhar.

Collins Big Cats – Harper Collins (x 5 leabhar)

Tá na pictiúir sna leabhair seo an-tarraingteach agus spreagúil. Chomh maith leis sin tá nótaí an mhúinteora taobh istigh de chlúdach cúil na leabhar. Shocraigh muid ar a leithéid a chur ar fáil sa chlár seo chomh maith le nótaí tuismitheora i mBéarla.

Literacy Links – Kingscourt (x 5 leabhar)

Is leabhair bheaga shimplí iad seo a bhfuil pictiúir shoiléire iontu. Tá an tsraith seo ag Kingscourt curtha i mbandaí do léitheoireacht an Bhéarla

agus bhí na pictiúir sna leabhair áirithe seo ag teacht leis an sprioc a bhí againn féin maidir le léitheoireacht na Gaeilge.

Fireflies – Oxford Reading Tree (x 3 leabhar)

'Oxford Reading Tree integrates speaking and listening, high quality phonics teaching and language comprehension. It is a whole language approach and a story method – not a vocabulary controlled scheme but key words frequently repeated.'

'Lean muid an teoiric atá ag ORT a léiríonn nach bhfuil focail mar *killer-whale*, *tomato sauce*, *spaceman* níos deacra ag páistí ná as, we, can, you, srl. Cuidíonn siad le ciall agus tuiscint agus tá tacaíocht sna pictiúir. Rinne muid iarracht a leithéid a dhéanamh i nGaeilge.'

Mitchel/Kane – (x19 leabhar)

Is iad seo na leabhair a scríobh muid ó bhun agus muid ag díriú ar ghnéithe áirithe den Ghaeilge. Tá leabhair ann ina bhfuil ainmhithe/ainmfhocail bhaininsneacha agus muid ag díriú ar an fhocal *sí* agus leabhair le hainmhithe/ainmfhocail fhirinsneacha agus muid ag díriú ar an fhocal *sé*. Chloígh muid le struchtúir gan séimhiú sna habairtí i mBanda 1(a) agus 1(b) agus ar an dóigh sin b'éigean téacs áirithe a scríobh in amanna le sin a bhaint amach. Tarlaíonn séimhiú i mBanda 1(c) go struchtúrtha agus i bhfrásaí a bheadh ag na páistí ó bhéal. Tá leagan eile againn de na leabhair seo do léitheoirí taobh amuigh de Chúige Uladh a mbíonn urú in úsáid acu. Tá dhá leabhar ann chomh maith ina bhfuil focail fhónaice amháin, is é sin focail atá furasta a dhíchódú.

Struchtúr an Chláir

- Tá idir fhicsean agus neamhfhicsean (thart faoi 60% ficsean, 40% neamhfhicsean) ann ó thaobh téacsanna de – neamhfhicsean bunaithe ar rudaí coitianta/taithí na bpáistí agus atá i dtéamaí curaclaim.
- Tá bandaí ann. Tá 60 leabhar sa bhanda seo agus beidh 60 leabhar sa chéad bhanda eile.
- Tá trí chuid déanta de Bhanda 1. Banda 1(a), Banda 1(b) agus Banda 1(c). Tá na leabhair in ord deacrachta agus tá uimhir agus ord na leabhar ar chúl gach leabhair.

An Clár Luathléitheoireachta

An Teanga

- Tá spriocfhocal le gach leabhar agus dhá leabhar ar gach spriocfhocal. Clúdaítear 30 spriocfhocal mar sin sa chéad bhanda agus iad athraíte sna leabhair eile mar chleachtadh agus mar dhaingniú.
- Tá focail fuaime sa chéad bhanda chomh maith, is é sin focail atá furasta a dhíchódú ina bhfuil litir amháin a sheasann d'fhuaim amháin, m.sh. bróga, muc, asal, cupán, bábóg. Is focail iad seo a bhaineann le scéim Fónaí na Gaeilge.
- Tá focail suime ann atá léirithe i gcónaí sna pictiúir. Cuirfidh seo le stór focal agus daingniú teanga na bpáistí agus tógfar ar scil na bpictiúrleideanna nó na dtúsghuaimeanna leis na focail seo. Ní bheifeá ag dúil leis na páistí na focail seo a léamh arís gan phictiúrleid nó a bheith ábalta iad a scríobh. Beidh tacaíocht de dhíth ar an léitheoir an focal seo a rá nó a léamh i nGaeilge agus déanfar sin le gníomhaíochtaí roimh ré agus le siúl trí phictiúir an leabhair roimh ré.
- Tá athrá ar fhrásaí a bheadh ag na páistí ó bhéal agus éagsúlacht frásaí ann le cuidiú le comhréir agus struchtúr na Gaeilge.
- Tá an séimhiú ann den chéad uair i mBanda 1(c) i bhfrásaí a bheadh ag na páistí ó bhéal. Tá leagan ann do scoileanna taobh amuigh de Chúige Uladh agus urú déanta ar an dóigh chéanna.

An leagan amach

- Tá an clófhóireann chéanna in úsáid i mBanda 1 ar fad.
- Tá líne amháin téacs i mBanda 1(a) agus 1(b) agus dhá líne téacs in amanna i mBanda 1(c).
- Tá neart ábhar plé sna pictiúir agus tá na pictiúir mar shíneadh ar an téacs.
- Tá treoracha ar chlúdach cúil/tosaigh gach leabhair – don mhúinteoir agus don tuismitheoir.

Measúnú

Tá leathanach measúnaithe ann ar scileanna léitheoireachta an pháiste atá ag teacht leis na spriocanna a bhaineann le Banda 1 sa chlár seo. Is treoir é seo don mhúinteoir agus chuir muid córas na soilse tráchta i bhfeidhm mar scéim mharcála a bheidh le feiceáil go soiléir. Chomh maith leis an taifead múinteora seo ar na scileanna ar fad léitheoireachta tá leathanaigh ar leith ann do na spriocfhocail i mBanda 1(a), 1(b) agus 1(c). Tá pictiúir ann le dathú ag an pháiste má tá sé/sí ábalta na spriocfhocail a léamh as comhthéacs. Cuirfidh an múinteoir marc in aice leis na focail nach bhfuil an páiste ábalta iad a léamh go fóill agus ní chuirfidh an páiste dath ar an phictiúr áirithe sin.

Buíochas agus aitheantas

Is é Grúpa Luathléitheoireachta an Áisaonaid a chuir an clár le chéile idir chur chuige a shocrú, roghnú na dtéacsanna, scríobh na leabhar agus eagrú an chlár. Thriail siad na leabhair chomh maith ag staideanna éagsúla sna scoileanna, rud a thug treoir ar dhul chun cinn na hoibre.

Aoife Ní Phóilin, Gaelscoil na bhFál

Clár O'Loughlin, Bunscoil Naomh Bríd

Deirdre Nic Suibhne, Bunscoil Phobal Feirste

Deirdre Uí Choisneacháin, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh

Dolores Barnes, Bunscoil Phobal Feirste

Joanne Uí Luachráin, Bunscoil Naomh Proinsias

Máire Nic Giolla Cheara, Na Boird Oideachais agus Leabharlainne

Máiréad Nic Uait, Scoil na Fuisgeoige

Orla Flanagan, Gaelscoil na bhFál

Searan Ní Chasaide, Bunscoil Phobal Feirste

Seosaimhín Ní Ghrínbín, Bunscoil Bheann Mhadagáin

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le príomhoidí na scoileanna sin thuasluaite a thug tacaíocht dúinn trí ligean do na múinteoirí a bheith saor ó dhualgaís ranga le tacú leis an chlár seo agus leis na leabhair a thriail ina scoileanna.

An Clár Luathléitheoireachta

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil chomh maith leis na daoine ar fad a thug comhairle agus tacaíocht dúinn le linn na hoibre seo. Caitríona Nic Sheáin, Scoil an Droichid, Máire Nic Sheáin, Bunscoil an tSléibhe Dhuibh, Eibhlín Mhic Aoidh, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Gabrielle Nig Uidhir, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Pádraig Ó Duibhir, Coláiste Droim Conrach, Hilary McAvoy, Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste, Brídín Nic Uiginn, Séideán Sí, Catherine Gilliland, Coláiste Ollscoile Naomh Muire, Nuala Ní Chatháin, Bunscoil Naomh Pádraig, Máirín Nic Giolla Fhinnéin, Bunscoil Naomh Pádraig, Eileen Ní Shail, Scoil na mBráithre Críostaí, Ard Mhacha, Lavinia McGrath, Scoil na mBráithre Críostaí, Ard Mhacha agus leis na scoileanna a ghlac páirt sa lá plé agus a sheol ceistneoir chugainn.

Is é Fionntán Ó Mealláin a ghlac na grianghraif do na 19 leabhar a d'fhoilsigh Mitchel/Kane.

Ba mhaith linn buíochas a thabhairt do na háiteanna seo a thug cead dúinn grianghraif a ghlacadh;

Gaeltacht Bhóthar Seoighe

Gaelscoil na bhFál

Ionad Uíbh Eachach

B&M Bargains

Zú Bhéal Feirste

Ionad Siamsaíochta Bhaile Andarsan

Ní dhearnadh dochar ar bith d'ainmhí ar bith le linn an tionscadail seo!

Jacqueline de Brún, stiúrthóir an Chláir.

Banda 1(a) X 20								
2 leabhar do gach sprioc fhocal								
Spriocanna Foghlama	An téacs/na pictiúir	Ciall an téacs agus an cineál scéal/seánra	Frásaí/ Comhréir	Spriocfhocail x10	Feasacht fhóineolaíoch / Cód (ag teacht le Fónaíc na Gaeilge)	Poncaíocht		
Teideal a aimsiú agus leathanaigh a thiontú mar is ceart	Caint nádúrtha atá ag teacht le caint na bpáistí	Ficsean - scéalta ó thaithí na bpáistí (x14)	Athrá maidir le habairtí/frásaí	Na focail/frásaí sa téacs a bheith inaitheanta ó bhéal	Ceangal soiléir idir fuaim/focal ó bhéal agus siombail/focal scríofa	Ceannlitir agus lánstad		
Go léitear ó chlé go deas	Téacs simplí atá furasta a thuair	Neamhfhicsean - ag teacht le taithí an pháiste agus le téamaí curaclaim	Seo an ... Amharc. Seo an ...	Focail/frásaí coitianta a aithint i bprionta. Béim ar na focail thíos -	Líne amháin téacs den chuid is mó agus an patrún poncaíochta céanna			
Tosú a mheaitseáil – focal scríofa/ó bhéal	Líne téacs le struchtúr athráite le, ar a laghad, focal radhairc amháin	- úsáid lipéad, clár, innéacs (x6)	Is ...mé Tá an ... Níl mé/sé/sí ... Tá mé/sé/sí ...	seo an tá is mé ar ag sé sí sa (ar/sa le l,n,r,t,s,d)	Focail ó na céimeanna 1-3 (Fónaíc na Gaeilge):	Comhartha ceiste		
Tosú a léamh roinnt focal	Clófhóireann leanúnach mór agus soiléir		Ciall agus struchtúr/ comhréir athráite a úsáid le scéal a thuair		m.sh sorn trá	Comhartha uailbhreasa le scairt		
Pictiúrleid a úsáid	Spásanna soiléire idir na focail		Struchtúr gan séimhiú/urú (taobh amuigh de Chúige Uladh)		crosóg portán cosán doras cara zú muc bó arán banana ispíní róbat cat ag brú glas túr	Comharthaí cainte		
Ciall, focail, comhréir a úsáid le scéal a thuair	Pictiúir ag teacht leis an téacs - leideanna							
Fuaimeanna a úsáid	Téacs le poncaíocht sa suíomh céanna ar gach leathanach							
Tosú a thuiscint thréithe an leabhair								
Scileanna anailíseacha a spreagadh	Bolgáin chainnte sna pictiúir le hathrá					Leabhar dírithe ar na fuaimeanna/ focail ó chéimeanna 1-3 (x2)		

Banda 1(b) x20	Spriocanna Foghlama	An téacs/na pictiúir	Ciall an téacs agus an cineál scéal/seánra	Frásaí/ Comhréir	Spriocfhocail x10	Feasacht fhóineolaíoch / Cód (ag teacht le Fónaí na Gaeilge)	Poncaíocht
2 leabhar do gach sprioc fhocal	Teideal a aimsiú agus leathanaigh a thiontú mar is ceart	Caint nádúrtha atá ag teacht le caint na bpáistí	Ficsean - scéalta ó thaithí na bpáistí (x12)	Athrá maidir le habairtí/frásaí <i>is maith liom</i>	Na focail/frásaí sa téacs a bheith inaitheanta ó bhéal	Ceangal soiléir idir fuaim/focal ó bhéal agus siombail/focail scríofa	Ceannlitir agus lánstad
	Go léitear ó chlé go deas	Téacs simplí ata furasta a thuair	Neamhfhicsean - ag teacht le taithí an pháiste agus le téamaí curaclaim-úsáid lipéad, clár, innéacs (x8)	<i>is liomsa</i> <i>tá ... agam</i> <i>ag dul</i> <i>cá bhfuil?</i> <i>an bhfuil?</i>	Focail/frásaí coitianta a aithint i bprionta. Béim ar na focail thíos - <i>agam siad</i> <i>arsa dul</i> <i>amharc liom</i> <i>maith é</i> <i>í níl</i> <i>(ar/sa le l,n,r,t,s,d)</i>	Líne amháin téacs den chuid is mó agus an patrún poncaíochta céanna	Líne amháin téacs den chuid is mó agus an patrún poncaíochta céanna
	Tosú a mheaitseáil – focal scríofa/ó bhéal	Líne téacs le struchtúr athráite ina bhfuil ar a laghad focal radhairc amháin		Ciall agus struchtúr/comhréir athráite a úsáid le scéal a thuair		Focail ó na céimeanna 1-3 (Fónaí na Gaeilge): <i>m.sh arán am rósta sosa práta lón banana am pasta ispiní glas corcra balún clábar arsa folcadán bus clár scatála bróga cóta hata bosca cat frog picnic</i>	Comhartha ceiste
	Tosú a léamh roinnt focal	Clófhoireann leanúnach mór agus soiléir					Comhartha uailbhreasa le scairt
	Pictiúrleid a úsáid	Spásanna soiléire idir na focail		Struchtúr gan séimhiú/urú (taobh amuigh de Chúige Uladh)			Comharthaí cainte
	Ciall, focail, comhréir a úsáid le scéal a thuair	Pictiúir ag teacht leis an téacs - leideanna pictiúrtha					
	Fuaimeanna a úsáid	Téacs le poncaíocht sa suíomh céanna ar gach leathanach					
	Tosú a thuiscint thréithe an leabhair	Bolgáin chainte sna pictiúir le hathrá					
	Scileanna analíseacha a spreagadh						

Banda 1(c) x20	2 leabhar do gach sprioc fhocal	Spriocanna Foghlaama	An téacs/na pictiúir	Ciall an téacs agus an cineál scéal/seánra	Frásaí/ Comhréir	Spriocfhocail x10	Feasacht fhóineolaíoch / Cód (ag teacht le Fónaí na Gaeilge)	Poncaíocht
Banda 1(c) x20	2 leabhar do gach sprioc fhocal	Teideal a aimsiú agus leathanaigh a thiontú mar is ceart	Caint nádúrtha atá ag teacht le caint na bpáistí	Ficsean - scéalta ó thaithí na bpáistí (x12)	Athrá maidir le habairtí/frásaí Séimhiú/urú (taobh amuigh de Chúige Uladh) a úsáid le frásaí atá ar eolas ó bhéal – an bhfuil ...agat? Is leis an ... sa + séimhiú mo + séimhiú ar an + séimhiú ar an + urú ba/ar mhaith	Na focail/frásaí sa téacs a bheith inaitheanta ó bhéal Focail/frásaí coitianta a aithint i bprionta. Béim ar na focail thíos - leis ann leat agat iad mo/sa/ar/ar mhaith/ba mhaith le séimhiú/urú	Ceangal soiléir idir fuaim/focal ó bhéal agus siombail/focail scríofa Focail ar féidir iad a bhriseadh ina sioltaí Focail ó na céimeanna 1-3 (Fónaí na Gaeilge) a dhaingniú. sconsa doras picnic ruga atá stoca hata slán mór gasta srón arsa frog zú an t-asal úlla	Ceannlitir agus lánstad Téacs ag dul thar dhá líne in amanna agus an patrún poncaíochta ag athrú Comhartha ceiste Comhartha uaillbhreasa le scairt Comharthaí cainte
		Go léitear ó chlé go deas	Téacs simplí ata furasta a thuair	Neamhfhicsean - ag teacht le taithí an pháiste agus le téamaí curaclaim - úsáid lipéad, clár, innéacs (x8)				
		Tosú a mheaitseáil – focal scríofa/ó bhéal	Líne téacs le struchtúr athráite ina bhfuil ar a laghad focal radhairc amháin					
		Tosú a léamh roinnt focal	Clófhoireann leanúnach mór agus soiléir					
		Pictiúrleid a úsáid	Spásanna soiléire idir na focail					
		Ciall, focail, comhréir a úsáid le scéal a thuair	Pictiúir ag teacht leis an téacs - leideanna pictiúrtha					
		Fuaimeanna a úsáid	Téacs le poncaíocht sa suíomh céanna ar gach leathanach					
		Tosú a thuiscint thréithe an leabhair	Bolgáin chainte sna pictiúir le hathrá					
		Scileanna análiseacha a spreagadh						

Spríocfhocail agus Leabhair – Banda 1 Bándearg

Gorm – neamhfhicsean

Ficsean – 38 Neamhfhicsean – 22

1a		1b		1c	
seo	an	agam	siad	leis	isteach
1. Cé Seo? 2. Ainmhithe Feirme	3. An Turas 4. An Rud	1. Mo Lá Breithe 2. Éadaí don Arracht	3. Na Foghlaithe Mara 4. Spórt agus Spraoi	1. Sa Leaba 2. An Liathróid	3. An Tollán 4. Ag dul isteach san Uisce
tá	is	arsa	dul	ann	atá
5. Sa Teach 6. An Teach	7. An Fheirm 8. Tá mé ag Obair	5. An Moncaí Beag 6. An Eilifint	7. Balúin 8. Suas agus Síos	5. Picnic 6. Na Béir	7. Rothaí 8. Lá Breithe Sona Duit
mé	ar (fónaí x2)	amharc	liom	leat	anois
9. An Zú 10. An Torc Crosta	11. Nach Deas é 12. An Teach Mór	9. An Nead 10. Sa Siopa	11. Carranna 12. Is Liom é	9. Na Luchóga 10. An Cat sa Charr	11. Dinnéar sa Zú 12. Picnic ar an Trá x2
ag	sé	maith	é	agat	sin
13. Na Peataí 14. Ag Priontáil	15. An Long 16. Tá sé ag Eitilt	13. Is maith liom Uisce! 14. Ag súgradh	15. Ainmhithe sa Zú F 16. Beag agus Mór F	13. á Bábóg Agam F 14. Ba Mhaith Liom sin	15. Amharc sa Ghairdín 16. Tá Hata ar an Bhó x2
sí	sa	í	níl	iad	bhí
17. Ag Brú agus ag Tarraingt 18. Anna agus na hAinmhithe	19. Ar Maidin 20. Mo Roicéad	17. Cairde Feirme 18. Amharc	19. Tá sé ag cur 20. Ar Scoil	17. Mo Bhróga 18. Mo Bhróga Damhsa	19. Cá raibh mé? 20. Sa Ghairdín
Ficsean – 14 Neamhfhicsean – 6		Ficsean – 12 Neamhfhicsean – 8		Ficsean – 12 Neamhfhicsean – 8	
Pointí Teagaisc		Pointí Teagaisc		Pointí Teagaisc	
		An bhfuil/cá bhfuil Cairde Feirme An Eilifint Ar Scoil		mo+ séimhiú Na Luchóga	sa + séimhiú An Liathróid Amharc sa Ghairdín
				ar + séimhiú Tá Hata ar an Bhó Picnic ar an Trá	Ar/ba mhaith Dinnéar sa Zú An Cat sa Charr

Teideal	Spriocfhocal	Focail Fuaime	Focail radhairc-athráite	Focail suime (léirithe sa phictiúr)	Poncaíocht	Pointe foghlama
1 Cé Seo? <i>ficsean</i>	seo	cat róbat cé		Mamáí Daidí Babaí Daideo	Ceannlitir agus lánstad Comhartha ceiste sa teideal	Tá ceannlitir ag gach ainmfhocail – is teideal iad Túsphuaim – d , Daidí, Daideo Fuaime dheireanach – t , cat, róbat Cá mhéad fuaime san fhocal c-a-t/r-ó-b-a-t ?
2 Ainmhithe Feirme <i>ficsean</i>	seo	bó muc <i>céim 4</i> <i>capall</i> <i>lacha</i>	seo	caora cearc ainmhithe capall lacha	Ceannlitir agus lánstad	Cá mhéad siolla sna focail fuaime/suime?
3 An Turas <i>ficsean</i>	an	an bus turas clár scátála <i>céim 4</i> <i>carr</i> <i>rothar</i>	seo an	trucail leoraí carr rothar gluaisrothar clár scátála <i>na lipéid</i> teach cnoc droichead siopa tollán	Ceannlitir agus lánstad	Lipéid a úsáid ar phictiúr Siollaí a chuntas sna focail fuaime/suime Cá mhéad fuaime atá san fhocal b-u-s ?
4 An Rud <i>ficsean</i>	an	tá an rud srón cos <i>céim 4</i> <i>lámh</i>	an ar tá	ceann béal eireaball teanga sin lámh	Ceannlitir agus lánstad Bolgán cainte	Túsphuaim c , cos , ceann l ag tús/deireadh Cá mhéad siolla sna focail fuaime/suime?

Teideal	Spriocfhocal	Focail Fuaime	Focail radhairc-athráite	Focail suime (léirithe sa phictiúr)	Poncaíocht	Pointe foghlama
5 Sa Teach <i>ficsean</i>	tá	tá sa tábla folcadán an <i>céim 4 scáthán</i>	tá sa an	cathaoir teach leaba teilifíseán scáthán	Ceannlitir agus lánstad	Lipéid a úsáid Fuaim dheireanach – n, folcadán, teilifíseán, scáthán Fuaim dheireanach – a, sa, tábla, leaba Cá mhéad siolla sna focail suime/fuaime? An focal tá san fhocal tábla
6 An Teach <i>ficsean</i>	tá	tá an cosán doras cé cara	seo tá ag an	geata díon fuinneog teach	Ceannlitir agus lánstad Comhartha ceiste	Túsghuaim – c, cosán, cara Cá mhéad siolla sna focail suime/fuaime? Ceist/freagra
7 An Fheirm <i>ficsean</i>	is	muc mé bó <i>céim 4 lacha capall</i>	mé	cearc gabhar lacha capall	Ceannlitir agus lánstad	Lipéid a úsáid Cá mhéad fuaim m-u-c ? Cá mhéad siolla sna focail suime/fuaime?
8 Tá mé ag Obair <i>ficsean</i>	is	mé garda altra	is mé tá	múinteoir péintéir tiománaí dochtúir	Ceannlitir agus lánstad	Cá mhéad fuaim a-l-t-r-a ? Cá mhéad siolla? m, múinteoir
9 An Zú <i>ficsean</i>	mé	zú mé	mé is	tíogar moncaí séabra sioráf béar	Ceannlitir agus lánstad	Bí cúramach – t caol – tíogar l caol – leon Cá mhéad siolla sna focail suime/fuaime? Túsghuaim s caol, séabra, sioráf

Ficsean – 14

Neamhfhicsean – 6

Banda
1a

Teideal	Spriocfhocal	Focail Fuaime	Focail radhairc-athráite	Focail suime (léirithe sa phictiúr)	Poncaíocht	Pointe foghlama
10 An Torc Crosta <i>ficsean</i>	mé	tá mé stop torc crosta	tá ag an	luascadh léim snámh rith eitilt sleamhnú	Ceannlitir agus lánstad Comhartha uailbhreasa le scairt	Liosta d'fhocail eile a dhéanamh le ag ... s, stop, snámh Cá mhéad siolla? Focail le rím
11 Nach Deas é Neamhfhicsean <i>Leabhar fónaice</i>	ar	tá an cat hata spota stoca bus bróga na ribín compás patrún	tá ar an hata		Ceannlitir agus lánstad	ar an gan séimhiú Cá mhéad siolla sna focail fuaime? An túsphuaim b , bus, bróga An fhuaim dheireanach n , rón, patrún
12 An Teach Mór Neamhfhicsean <i>Leabhar fónaice</i>	ar	tá an cat sconsa forc urlár pláta tábla ribín patrún doras solas <i>céim 4 scáthán</i>	tá ar an	ribín cat tábla patrún bus teach scáthán	Ceannlitir agus lánstad	ar an gan séimhiú An focal tá san fhocal tábla An focal rún san fhocal patrún An focal lár san fhocal urlár An focal sa san fhocal sconsa Cá mhéad siolla atá sna focail fuaime?
13 Na Peataí <i>ficsean</i>	ag	tá na Marta cat Lára Cormac Cara Dóra <i>céim 4 Conall damhán alla lacha</i>	tá na ag	madadh peataí coinín caora Conall damhán alla lacha	Ceannlitir agus lánstad Ceannlitir ar ainmneacha Comhartha uailbhreasa le scairt Bolgán cainte	Cá mhéad siolla sna focail fuaime/suime? Túsphuaim chéanna – duine agus ainmhithe An focal lá san fhocal Lára An focal mac san fhocal Cormac

Teideal	Spriocfhocal	Focail Fuaime	Focail radhairc-athráite	Focail suime (léirithe sa phictiúr)	Poncaíocht	Pointe foghlama
14 Ag Priontáil <i>neamhfhicsean</i>	ag	tá mé le práta <i>céim 4 le húll</i>	tá mé ag	priontáil duilleog spúinse sreang maith claibín rothaí le húll	Ceannlitir agus lánstad	Cá mhéad siolla sna focail suime/fuaime? Téacs ag dul thar dhá líne
15 An Long <i>ficsean</i>	sé	an tá ní <i>céim 4 long</i>	tá ag an	dreapadh glanadh cócaireacht iascaireacht srannadh long	Ceannlitir agus lánstad Bolgáin chainte	Cá mhéad siolla sna focail suime/fuaime? Na focail le rím-dreapadh, glanadh, srannadh Liostaigh focail eile – ag ...
16 Tá sé ag Eitilt <i>ficsean</i>	sé	tá mé úps	tá ag	tiomáint eitilt bádóireacht snámh siúl	Ceannlitir agus lánstad Bolgáin chainte	Cá mhéad siolla sna focail suime/fuaime?
17 Ag Brú agus ag Tarraingt <i>neamhfhicsean</i>	sí	brú agus tá	sé tá ag	tarraingt	Ceannlitir agus lánstad	Liostaigh focail eile le ag ... Ag úsáid lipéad
18 Anna agus na hAinmhithe <i>ficsean</i>	sí	tá na <i>céim 4 Anna</i>	tá	leis cait pearóidí madaí cearca coiníní gabhair na hainmhithe Anna	Ceannlitir agus lánstad	An focal leis a léamh – túsphuaim/fuaim ag an deireadh. An uimhir iolra a phlé ó bhéal. Cá mhéad siolla atá sna focail suime?
19 Ar Maidin <i>neamhfhicsean</i>	sa	tá mé sa sásan pláta <i>céim 4 amharc scáthán</i>	tá mé sa ag amharc	leaba seomra folctha ubh doirteal amharc scáthán	Ceannlitir agus lánstad	sa gan séimhiú An túsphuaim s, sásan, sorn, sa Cá mhéad siolla sna focail suime/fuaime?

Ficsean – 14

